AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.4.2025
C(2025) 2189 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh**

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I, Cuid A, sa tábla, leasaítear an iontráil ‘Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh (PFOS)’ mar a leanas:

(1) sa chéad cholún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

‘Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (PFOS), a shalainn agus a chomhdhúile PFOS-ghaolmhara

$C_8F_{17}SO_2X$

(X = OH, Salann miotail ($O-M^+$), hailíd, aimíd, agus díorthaigh eile lena n-áirítear polaiméirí)’

(2) sa cheathrú colún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

‘Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag pointe (b) d’Airteagal 4(1) maidir le leibhéil tiúchana PFOS nó le leibhéil tiúchana a shalann atá cothrom le atá cothrom le, nó faoi bhun, 0,025 mg/kg (0,0000025 % de réir meáchain) i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin nó earraí’

(3) sa cheathrú colún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le suim na leibhéal tiúchana de na comhdhúile PFOS-ghaolmhara go léir atá cothrom le, nó faoi bhun, 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin nó earraí.’

(4) sa cheathrú colún, scriostar pointe 4

(5) sa cheathrú colún, scriostar pointe 5.